An Coimisiún Eorpach



**CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)**

# INFHEISTÍOCHT I NDAOINE

Mí Eanáir 2024
#EUfunds

Is é Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) príomhuirlis an Aontais chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, chun Eoraip atá níos sóisialta agus níos cuimsithí a thógáil agus chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun cinn Cuidíonn CSE+ le beartais a bhaineann le fostaíocht, ábhair shóisialta, oideachas agus scileanna a mhúnlú ar fud an Aontais. Rannchuidíonn sé le héagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha a laghdú ar fud na mBallstát agus na réigiún.

**Buiséad AE le haghaidh CSE+ 2021-2027:** **€95.8 billiún**

## Déanann na Ballstáit agus an Coimisiún na hinfheistíochtaí a chur chun feidhme:

Forlíonann na Ballstáit an €95.1 billiún a sholáthraíonn an tAontas trína mbuiséad féin, ag baint amach iomlán de

**€142 billiún**

An Coimisiún Eorpach faoin tsraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta (EaSI)

**€762 mhilliún**

Ní mór do na Ballstáit urraim a thabhairt do chearta bunúsacha agus ciste CSE+ agus an ciste comhtháite á úsáid.



# Na príomhbhuntáistí a bhaineann le CSE+

## Oibrithe a ullmhú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh

Tá an tAontas ag infheistiú **thart ar €65 bhilliún** i bpoist agus i scileanna ar fud na hEorpa.

## Borradh a chur faoin bhfostaíocht don aos óg

Na Ballstáit ina bhfuil go leor daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna, déanfaidh siad ar **a laghad 12,5 %** dá nacmhainní CSE+ a infheistiú chun fostaíocht don aos óg a chur chun cinn.

## Dul i ngleic leis an mbochtaineacht leanaí

Na Ballstáit is mó atá thíos leis an mbochtaineacht leanaí, déanfaidh siad ar **a laghad 5 %** dá nacmhainní CSE+ a leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht leanaí.

## Tacaíocht a thabhairt do na daoine is leochailí

Ní mór do na Ballstáit ar fad ar **a laghad 25 %** dá nacmhainní CSE+ a dhíriú ar bhearta cuimsithe shóisialta, mar shampla seirbhísí pobalbhunaithe, bearta maidir le cuimsiú gníomhach agus tacaíocht spriocdhírithe do ghrúpaí imeallaithe, na Romaigh, cuir i gcás.

## Bia agus cúnamh ábhartha bunúsach a sholáthar

Ní mór do na Ballstáit ar fad **3 % ar a laghad** dá nacmhainní CSE+ a leithdháileadh chun bia agus cúnamh ábhartha bunúsach a sholáthar nó chun bearta maidir le cuimsiú sóisialta a chur chun feidhme do na daoine is díothaí.

## Nuálaíocht shóisialta a chur chun cinn

Le CSE+ déantar infheistíocht i nuálaíocht shóisialta i réimsí na fostaíochta, an oideachais, na scileanna agus an chuimsithe shóisialta, ar an leibhéal náisiúnta agus trí chomhpháirtíochtaí trasnáisiúnta araon.

## Acmhainneacht na bpáirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta a fheabhsú

Na Ballstáit a bhfuil dúshláin rompu ról a thabhairt do chomhpháirtithe sóisialta agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, déanfaidh siad ar **a laghad 0,25 %** dá nacmhainní CSE+ a leithdháileadh i leith na haidhme sin.

KE-05-24-204-GA-N
doi: 10.2767/605
ISBN 978-92-68-13819-9
PDF

© An tAontas Eorpach, 2024
Ceadaítear an doiciméad seo a athúsáid, ar choinníoll go dtugtar creidiúint chuí agus go gcuirtear aon athruithe in iúl (Ceadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International). Le haghaidh aon úsáide nó atáirgeadh d'eilimintí nach bhfuil faoi úinéireacht an AE, d'fhéadfadh go mbeadh gá cead a lorg go díreach ó na sealbhóirí cirt faoi seach. Gach íomhá © Shutterstock © GettyImages – gach ceart ar cosaint. Deilbhíní © Shutterstock – gach ceart ar cosaint.

european-social-fund-plus.ec.europa.eu/ga